Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

# Cairt Soláthair
# *Supplier Charter*



UniversityofGalway.ie

## *Réamhra*

Tugtar gealltanas i 'bPlean Straitéiseach Ollscoil na Gaillimhe 2020-2025' agus i 'Straitéis Inbhuanaitheachta Ollscoil na Gaillimhe 2021-2025' ceannaireacht a thabhairt chun cuidiú leis an aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe trí theagasc, gníomhaíochtaí taighde agus tionchair; agus plean oibre a fhorbairt chun bogadh go huaillmhianach i dtreo na neodrachta carbóin faoi 2030.

Tá Ollscoil na Gaillimhe, mar shínitheoir de chuid 'Chomhaontú SDG' ag gealladh ár n-iarrachtaí móra go léir a chur ar chomhréim le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe (NA), leis na spriocanna agus na táscairí, agus ár ngníomhaíochtaí oideachais, taighde, ceannaireachta, oibríochta agus rannpháirtíochta san áireamh ansin.

Is ollscoil idirnáisiúnta é Ollscoil na Gaillimhe a bhfuil spriocanna idirnáisiúnta curtha roimhe aige, ach tá sé fréamhaithe go daingean sa réigiún agus sa tír freisin. Tá léargas faoi leith againn i bhfianaise an ollscoil a bheith lonnaithe ar imeall na hEorpa. Tá an ollscoil i gcroílár réigiún sainiúil agus bríomhar, a bhfuil cáil air as a chultúr uathúil mar aon lena ghnólachtaí cruthaitheacha, teicneolaíochtaí leighis, éiceolaíocht agus geilleagar mara, gan trácht ar ár nuálaíocht.

Táimid ag iarraidh oibriú le soláthróirí a bhfuil na Luachanna céanna acu linne chun cabhrú linn ár Misean a bhaint amach. Oibrímid as lámha a chéile leis an earnáil ghnó agus thionsclaíoch agus leis an rialtas chun céimithe, scileanna, eolas agus nuálaíocht a sholáthar féachaint leis an bhfiontraíocht, fostaíocht agus borradh eacnamaíoch a chothú inár réigiún.

Is mór againn na caidrimh atá againn lenár soláthróirí agus leagann an Chairt seo amach an chaoi ar mian linn go mbeadh na caidrimh sin bunaithe ar ár Luachanna i.e. Oscailteacht, Meas, Sármhaitheas agus Inbhuanaitheacht.



## *Introduction*

The 'University of Galway Strategic Plan 2020-2025' and the 'University of Galway Sustainability Strategy 2021- 2025' commits to providing leadership to inform the transition to a sustainable future through our teaching, research actions and impacts; and to developing a roadmap to move ambitiously towards carbon neutrality by 2030.

University of Galway, as a signatory to the 'SDG Accord', commits to align all major efforts with the United Nations (UN) Sustainable Development Goals (SDGs), targets and indicators, including through our education, research, leadership, operational and engagement activities.

University of Galway is an international university with global ambition, but with deep roots in our region and nationally. Our location on the very edge of Europe gives us a unique perspective. Our university is at the heart of a distinct and vibrant region, renowned for its unique culture, creative industries, medical technologies, marine ecology and economy, and our innovation.

We want to work with suppliers that share our Values to help us deliver our Mission. We work in partnership with business, industry and government to provide the graduates, skills, knowledge and innovation that drive entrepreneurialism, employment and growth in our region.

We value the relationships we have with our suppliers and this Charter sets out how we want those relationships to be based on our Values of Openness, Respect, Excellence and Sustainability.



# Oscailteacht

Is comhoibrí réamhghníomhach í an ollscoil seo agus cuirtear dea-thoil chun cinn go háitiúil agus go domhanda anseo. Tá an oscailteacht, an éagsúlacht agus an cuimsiú lárnach inár gcur chuige don nuálaíocht, don rannpháirtíocht agus don chruthaitheacht. Beimid i mbun caidreamh gníomhach le páirtithe leasmhara seachtracha, alumni agus leis an bpobal chun oiread tionchair agus is féidir a bheith againn ar dhaoine agus leas a bhaint as. Léireoidh ár ngníomhaíochtaí an tiomantas atá againn don inrochtaineacht, don chuimsiú agus don rannpháirtíocht oscailte leis an domhan.




## *Iompar Frithiomaíoch*

Tá súil againn ár soláthróirí go léir a fhostú faoi ghnáthchoinníollacha an mhargaidh iomaíoch. Bímid i gcónaí ag faire amach do rigeáil tairiscintí, tairiscintí claonpháirteacha nó aon iarracht chun gnáth-mhargadh iomaíoch a shaobhadh agus tuairisceoimid aon sáruithe de réir mar is cuí.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí:

- Tá cosc ar aon socrú nó iarracht ar shocrú (is cuma cé chomh neamhfhoirmiúil atá sé) idir soláthróirí nó tairiscinteoirí, a bhfuil sé mar aidhm leis iomaíocht a shaobhadh, faoi dhlí iomaíochta na hÉireann ach amháin má chomhlíonann sé critéir áirithe i bhfabhar iomaíochta.
- Ná tabhair faoi aon tairiscintí claonpháirteacha, leithroinnt custaiméirí, socrú praghsanna, nó comhroinnt margaidh.

## *Breabaireacht & Síneadh Láimhe*

Cuireann Ollscoil na Gaillimhe cosc iomlán ar aon chineál breabaireachta agus ar aon iarracht buntáiste míchuí a bhaint amach. Ní mór gníomhaíochtaí uile na hOllscoile nó thar ceann na hOllscoile a dhéanamh de mheon macánta agus cuma mhíchuí fiú a sheachaint.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;

- Níl cead ag soláthróirí gabháil d'aon chineál breabaireachta ná síneadh láimhe chun conradh a choinneáil nó a bhuachan.
- Níl cead ag soláthróirí aon ní lena mbaineann luach a aistriú, go díreach nó go hindíreach, chuig aon ghníomhaire stáit ná páirtí polaitíochta chun buntáiste míchuí a bhaint amach.
- Ní mór do gach íocaíocht a bheith i gcomhair próisis ghnó dhleathacha agus dhlisteanacha agus ní mór do sholáthróirí an fhianaise dhoiciméadach chuí a choimeád.

## *Bronntanais & Fáilteachas*

Tuigeann Ollscoil na Gaillimhe go bhféadfadh bronntanais agus fáilteachas a bheith ina ndlúthchuid den chaidreamh gnó i gcultúir áirithe. Mar sin féin, ní mór bronntanais agus fáilteachas a bheith réasúnta beag i gcónaí, de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme agus níor cheart go mbeadh sé i gceist riamh tionchar míchuí a imirt ar chinnteoireacht.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;

- Caithfidh gach bronntanas, fáilteachas agus sochair eile a bheith trédhearcach agus taifeadta i gceart, a bheith oiriúnach agus ní ceadmhach iad a thairiscint, a sholáthar, a éileamh nó a ghlacadh ag súil le fabhar.
- Níor cheart go mbeadh cuma mhímhacánta nó mhíchuí fiú ar bhronntanais, fáilteachas ná sochair eile.



## *Coimhlintí Leasa*

Táimid ag súil le bheith ag obair lenár soláthróirí agus coimhlintí leasa a sheachaint agus feasacht a ardú ar chásanna den sórt sin inár Slabhraí Soláthair.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;

- Ba cheart do sholáthróirí aon phlé le fostaithe Ollscoil na Gaillimhe a sheachaint a d'fhéadfadh teacht salach, nó a bhféadfaí a cheapadh go bhfuil sé ag teacht salach, ar aon fhostaí a ghníomhaíonn ar mhaithe le leas Ollscoil na Gaillimhe.
- Ba cheart do sholáthróirí Coimhlintí Leasa a bhainistiú ina Slabhraí Soláthair.
- Níor cheart do sholáthróirí aon fhostaí Ollscoil na Gaillimhe a fhostú nó a íoc ar bhealach ar bith eile le linn aon idirbheart gnó (seachas mar chuid de chonradh Ollscoil na Gaillimhe).
- Má tá gaol ag aon fhostaí de chuid Ollscoil na Gaillimhe le fostaí an tsoláthróra, nó má tá caidreamh ar bith eile ag an soláthróir a d'fhéadfadh coimhlint leasa a chruthú, ba chóir don soláthróir é sin a chur in iúl do Ollscoil na Gaillimhe agus a chinntiú go ndéanann aon fhostaí Ollscoil na Gaillimhe amhlaidh freisin.



## *Inrochtaineacht*

Táimid tiomanta aghaidh a thabhairt ar Dhearadh Uilíoch agus ar inrochtaineacht chun seirbhísí, soláthar faisnéise, foirgnimh, teagasc agus foghlaim agus eispéireas cuairteoirí a bheith inrochtana agus cuimsitheach do chách beag beann ar aois, méid nó cumas.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;

- Cabhrú le Dearadh Uilíoch agus inrochtaineacht a fheabhsú agus a leabú mar léiriú gníomhach ar bhunluachanna na hOllscoile is iad sin Meas, Oscailteacht, Inbhuanaitheacht agus Sármhaitheas.
- Cabhrú le seirbhísí atá deartha go huilíoch a sholáthar dár bhfoireann, mic léinn agus baill den phobal a fhaigheann rochtain ar ár seirbhísí agus a úsáideann iad.

# Openness

Our university is a proactive collaborator and an ally for good both locally and globally. Openness, diversity and inclusion are fundamental to our approach to innovation, engagement and creativity. We will actively engage with external stakeholders, alumni and the public to maximise and amplify our impact. Our actions will reflect our commitment to accessibility, inclusivity and engaging openly with the world.




## *Anti-Competitive Behaviour*

We expect to engage all of our suppliers under normal competitive market conditions. We actively watch for bid rigging, collusive tendering or any attempt to distort a normal competitive marketplace and will report any breaches as appropriate.

Our Expectations of Suppliers:

- Any arrangement or attempted arrangement (however informal) between suppliers or tenderers, which has the intent of distorting competition, is prohibited under Irish competition law unless it meets certain procompetitive criteria.
- Do not undertake any form of collusive tendering, customer allotment, price fixing, or market sharing.

## *Bribery & Kickbacks*

University of Galway strictly prohibits any form of bribery and any attempt to gain improper advantage. All activities by or on behalf of the University must be conducted in good faith and avoid even the appearance of impropriety.

Our Expectations of Suppliers;

- Suppliers must not engage in any form of bribery or kickback in order to retain or win contract.
- Suppliers must not transfer anything of value, either directly or indirectly, to any state agent or political party in order to obtain improper advantage.
- All payments must be for lawful and legitimate business processes and suppliers must maintain appropriate documentary evidence.

## *Gifts & Hospitality*

University of Galway understands that gifts and hospitality may be an important part of business relationships in some cultures. However, gifts and hospitality must always be modest in nature, in accordance with applicable laws and regulations and never intended to unduly influence decision-making.

Our Expectations of Suppliers;

- All gifts, hospitality and other benefits must be transparent and properly recorded, be appropriate and not be offered, provided, demanded or accepted with the expectation of favour.
- Gifts, hospitality and other benefits must never give the appearance of dishonesty or impropriety.



## *Conflicts of Interest*

We expect to work with our suppliers to avoid conflicts of interests and to raise awareness for such situations throughout our Supply Chains.

Our Expectations of Suppliers;

- Suppliers should avoid any interaction with University of Galway employees that may conflict, or appear to conflict, with any employee acting in the best interests of University of Galway.
- Suppliers should manage Conflicts of Interest throughout their Supply Chains.
- Suppliers should not employ or otherwise make payments to any University of Galway employee during the course of any business transaction (other than as part of an University of Galway contract).
- If a supplier's employee is a family relation to any University of Galway employee, or if the supplier has any other relationship that might constitute a conflict of interest, the supplier should disclose this fact to University of Galway and ensure that any University of Galway employee does so also.



## *Accessibility*

We are committed to addressing Universal Design and accessibility in order to make services, information provision, buildings, teaching and learning and visitor experience accessible and inclusive for all regardless of age, size or ability.

Our Expectations of Suppliers;

- Assist in enhancing and embedding Universal Design and accessibility as an active manifestation of the University's core values of Respect, Openness, Sustainability and Excellence.
- Assist in delivering universally designed services for all our staff, students and members of the public who access and use our services.

# Meas

Ní éireoidh linn mura gcruthófar timpeallacht chomhroinnte ina bhfuil meas agus ómós againn dá chéile. Creidimid go mbeidh tionchar ollmhór ar rath agus ar inbhuanaitheacht ár ndaoine agus ár bpobal má dhéantar cultúr a shaothrú ina bhfuil ár gcuid oibre agus ár n-idirghníomhaíochtaí bunaithe ar mhuinín agus ar mheas, agus go dtugtar fúthu le rún dearfach. Beidh na caidrimh a bheidh againn inár bpobail, ár gcathair, ár réigiún agus an domhan faoi réir ag an éiteas seo.




## *Comhionannas, Éagsúlacht & Cuimsiú*

Tá Ollscoil na Gaillimhe tiomanta do chomhionannas deiseanna a chur chun cinn agus do thimpeallacht a chruthú agus a chothú a chuireann luach ar éagsúlacht ár bhfoirne agus ár mac léinn agus dhéanann ceiliúradh orthu.

Chláraigh Ollscoil na Gaillimhe do chairt Athena SWAN in 2015.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;

- Féachann Ollscoil na Gaillimhe lena chinntiú go bhfuil meas ar éagsúlacht, ar chomhionannas agus ar chuimsiú fite fuaite inár slabhra soláthair.
- Ní mór do sholáthróirí a chinntiú go gcaitear le gach fostaí le dínit agus le meas, go bhfaigheann siad comhionannas deiseanna agus nach bhfuil siad faoi réir idirdhealaithe.
- Ní mór dóthain polasaithe agus nósanna imeachta inmheánacha a bheith i bhfeidhm ag soláthróirí chun iarrachtaí a chur chun cinn agus a chosaint chun Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a leabú.

## *Bulaíocht & Ciapadh*

Is é polasaí na hOllscoile go bhfuil an ceart ag gach comhalta foirne oibriú i dtimpeallacht atá saor ó aon chineál bulaíochta ná ciaptha. Níl aon ghlacadh ar chor ar bith le hiompa(i)r b(h)ulaíochta.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;


- Ní mór do sholáthróirí timpeallacht oibre a sholáthar nach mbeidh aon ghlacadh le ciapadh, le bulaíocht ná le himeaglú inti.
- Ní mór dóthain polasaithe agus nósanna imeachta inmheánacha a bheith i bhfeidhm ag soláthróirí chun fostaithe a chosaint ó bhulaíocht agus ó chiapadh.

## *Pá*

Creideann Ollscoil na Gaillimhe go bhfuil an ceart ag gach duine luach saothair cothrom a fháil.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;

- Tá Ollscoil na Gaillimhe ag súil go n-íocfaidh ár Soláthróirí go léir an t-íosphá ar a laghad le gach fostaí, nó leagan cothrom de ghnáthphá an tionscail (cibé acu is airde), agus go soláthraíonn siad gach sochar atá sainordaithe de réir dlí do gach fostaí.



## *Sláinte & Sábháilteacht*

Déanann Ollscoil na Gaillimhe gach gné dá teagasc, taighde agus gníomhaíochtaí pobalbhunaithe ar bhealach a bhainfidh amach na caighdeáin Sláinte agus Sábháilteachta agus Leasa is fearr is féidir dá fostaithe. Creidimid gur féidir gach timpiste a sheachaint, mar sin déanaimid gach rud go sábháilte agus go freagrach nó ní dhéanaimid ar chor ar bith iad.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;

- Táimid ag súil go gcuirfidh ár soláthróirí an oiliúint agus an trealamh ar fáil dá bhfoireann atá riachtanach chun an leibhéal is airde sláinte agus sábháilteachta a bhaint amach.
- Ní mór do sholáthróirí cloí le gach reachtaíocht ábhartha agus meas a bheith acu ar ár gCultúr Sláinte & Sábháilteachta.

## *Sclábhaíocht sa lá atá inniu ann*

Tacaímid le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus déanfaimid ár ndícheall na cearta sin a chur i bhfeidhm laistigh dár slabhra soláthair.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;

- Ní ceadmhach do sholáthróirí úsáid a bhaint as ná rannchuidiú le sclábhaíocht, daoirse, saothar éigeantais nó éigeantach ná gáinneáil ar dhaoine.
- Ní ceadmhach do sholáthróirí úsáid a bhaint riamh as Fostú Páistí.
- Ní mór do sholáthróirí meicníochtaí rialaithe cuí a chur i bhfeidhm ina slabhra soláthair féin.

# Respect

Our success depends on creating a shared environment where we respect and value each other. We believe that cultivating a culture where our work and interactions are rooted in trust and respect, and approached with positive intent, will have a profound impact on the success and sustainability of our people and communities. This ethos will underpin our engagement in our communities, city, region and the world.




## *Equality, Diversity & Inclusion*

University of Galway is committed to the promotion of equality of opportunity and to creating and sustaining an environment that values and celebrates the diversity of our staff and student body.

University of Galway signed up to the Athena SWAN charter in 2015.

Our Expectations of Suppliers;

- University of Galway seeks to ensure that respect for diversity, equality and inclusion are embedded throughout our supply chain.
- Suppliers must ensure that all employees are treated with dignity and respect, receive equality of opportunity and are not subject to discrimination.
- Suppliers must have sufficient internal policies & procedures in place to promote and protect efforts to embed Equality, Diversity & Inclusion.

## *Bullying & Harassment*

It is University policy that every member of staff has the right to work in an environment free of any form of bullying and Harassment. Bullying behaviour(s) are totally unacceptable.

Our Expectations of Suppliers;


- Suppliers must provide a work environment where harassment, bullying & intimidation are not tolerated.
- Suppliers must have sufficient internal policies & procedures that protect employees from bullying and harassment.

## *Pay*

University of Galway believe that everyone has the right to fair remuneration.

Our Expectations of Suppliers;

- University of Galway expects that all of our Suppliers pays each employee at least the minimum wage, or a fair representation of the prevailing industry wage (whichever is the higher), and provides each employee with all legally mandated benefits.



## *Health & Safety*

University of Galway conducts all aspects of its teaching, research and community based activities in such a way as to achieve the best possible standards of Health, Safety and Welfare for its employees. We believe that all accidents are preventable, so we do everything safely and responsibly or not at all.

Our Expectations of Suppliers;

- We expect our suppliers to provide their staff with the training and equipment necessary to achieve the highest level of health and safety performance.
- Suppliers must comply with all relevant legislation and respect our Health & Safety Culture.

## *Modern Slavery*

We support the Universal Declaration of Human Rights and will work to enforce these rights within our supply chain.

Our Expectations of Suppliers;

- Suppliers must neither use nor contribute to slavery, servitude, forced or compulsory labour and human trafficking.
- Suppliers must never use Child Labour.
- Suppliers must implement respective control mechanisms in their own supply chain.

# Barr Feabhais

Tá Ollscoil na Gaillimhe dírithe ar thaighde lena mbaineann fócas domhanda, agus tá cáil idirnáisiúnta air as caighdeán agus tionchar a theagaisc, a thaighde agus a nuálaíochta. Tacóimid le huaillmhian agus féachfaimid le barr feabhais ár ndaoine a éascú, ar ceannairí, nuálaithe agus smaointeoirí criticiúla iad a bhfuil an-dúil acu an domhan mór a thuiscint, a oiliúint agus a fheabhsú. Déanaimid ár ndícheall barr feabhais a bhaint amach agus tionchar a imirt, agus ionracas agus gairmiúlacht mar bhonn taca le gach a dhéanaimid..




## *Cosaint Sonraí*

Tuigimid luach Sonraí agus cuirimid an-bhéim ar a choinneáil slán.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;

- Ní mór do sholáthróirí sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil go rúnda, chun críocha dlisteanacha, réamhchinnte amháin, agus ar bhealach trédhearcach.
- Ní mór do sholáthróirí bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí a chur i bhfeidhm chun sonraí a chosaint ó phróiseáil neamhdhleathach nó neamhúdaraithe agus ó chaillteanas de thaisme, scrios, damáiste, athrú nó nochtadh.

## *Maoin Intleachtach*

Tá Ollscoil na Gaillimhe ag súil go mbeidh meas ar Chearta Maoine Intleachtúla fite fuaite ina Slabhra Soláthair.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;

- Ní mór do gach Soláthróir meas a léiriú ar Chearta Maoine Intleachtúla daoine eile lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do; rúin cheirde, paitinní, cóipchearta, ceadúnais agus trádmharcanna.

## *Soláthróirí a Íoc*

Tuigimid an tábhacht a bhaineann le híocaíocht phras agus an tionchar atá aige ar an Slabhra Soláthair. Is iad ár dtéarmaí caighdeánacha íocaíochta ná 30 lá agus foilsímid ráitis ar an gcaoi a bhfuil ag éirí linn ár soláthróirí a íoc in am.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;

- Tá Ollscoil na Gaillimhe ag súil go n-íocfaidh gach soláthróir a gcuid soláthróirí go tráthúil agus nach ndéanfaidh siad iarracht íocaíocht a choinneáil siar nó idirbheartaíocht a dhéanamh go míchuí.



# Excellence

University of Galway is a globally focused research-led university, internationally renowned for the quality and impact of our teaching, research and innovation. We will support ambition and enable the excellence of our people, who are leaders, innovators and critical thinkers that share a passion for understanding, educating and improving the world. We strive for excellence and impact, underpinned by integrity and professionalism.




## *Data Protection*

We understand the value of Data and place great importance on keeping it secure.

Our Expectations of Suppliers;

- Suppliers must collect and process personal data confidentially, only for legitimate, predetermined purposes, and in a transparent manner.
- Suppliers must implement appropriate technical and organisational measures to protect data from unlawful or unauthorised processing and against accidental loss, destruction, damage, alteration or disclosure.

## *Intellectual Property*

University of Galway expects that respect for Intellectual Property Rights are embedded throughout our Supply Chain.

Our Expectations of Suppliers;

- All Suppliers must respect the Intellectual Property Rights of others including but not limited to; trade secrets, patents, copyrights, licenses and trademarks.

## *Paying Suppliers*

We understand how important prompt payment is and its affect throughout our Supply Chain. Our standard payment terms are 30 days and we publish statements of how we are performing in paying our suppliers in time.

Our Expectations of Suppliers;

- University of Galway expects that all suppliers will pay their suppliers in a timely manner and not seek to unduly withhold or renegotiate payment.



# Inbhuanaitheacht

Tá todhchaí an chine dhaonna faoi bhagairt ag idirghníomhaíochtaí neamh-inbhuanaithe idir ár bpobail, ár ngeilleagair agus an comhshaol. Glacfaimid chugainn féin ról ceannaireachta chun an t-aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe a threorú trínar dteagasc, ár dtaighde, ár ngníomhaíochtaí agus ár dtionchair. Déanfaimid ár gcampais agus ár ngnóthaí seachtracha uile a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus féachaimid le bheith inár n-eiseamláir chun tionchar dearfach a imirt ar an gcomhshaol.




## *Cleachtais Chomhshaoil*

Geallann Ollscoil na Gaillimhe ár gcampais agus ár ngnóthaí seachtracha uile a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus a bheith inár n-eiseamláir chun tionchar dearfach a imirt ar an gcomhshaol. Tá sé mar aidhm againn damáiste don chomhshaol a chosc agus cloí le ceanglais reachtúla agus rialála i gcónaí.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;

- Táimid ag súil go mbeidh ár soláthróirí tiomanta do chomhlíonadh an chonartha ar an mbealach is inbhuanaithe.
- Táimid ag súil go ndéanfaidh ár soláthróirí damáiste don chomhshaol a chosc maidir le gníomhaíochtaí, táirgí agus seirbhísí.
- Táimid ag súil go ngníomhóidh ár soláthróirí go léir de réir na gcaighdeán reachtúil agus idirnáisiúnta cuí go léir maidir le cosaint an chomhshaoil.

## *Bainistíocht Chomhshaoil*

Tá Ollscoil na Gaillimhe tiomanta d'aistriú i dtreo Neodracht Charbóin faoi 2030.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;

- Táimid ag súil go ndéanfaidh ár soláthróirí a lorg carbóin a thomhas, a bhainistiú agus a laghdú agus bearta réamhchúraim a ghlacadh i gcoinne caillteanas truaillithe sa bhithéagsúlacht agus in úsáid acmhainní.
- Ní mór do sholáthróirí bearta bainistíochta comhshaoil iomchuí a chur i bhfeidhm do gach conradh, i gcomhréir le córas bainistíochta comhshaoil atá deimhnithe go seachtrach nó intí.

## *Foinsiú Freagrach*

Is ceannaitheoir freagrach í Ollscoil na Gaillimhe. Déanaimid dícheall cuí a chinntiú go gcomhlíonann gach Soláthróir nua ár gcaighdeáin.

An méid a mbímid ag súil leis ónár Soláthróirí;

- Ní mór do sholáthróirí céimeanna réasúnta a ghlacadh lena chinntiú go gcomhlíontar Cairt Soláthróra Ollscoil na Gaillimhe nó a gCairt choibhéiseach féin laistigh dá Slabhra Soláthair.
- Ní mór do sholáthróirí a bpróiseas dícheall chuí inmheánach a bheith acu a chuireann a gcaighdeáin shóisialta, eiticiúla agus inbhuanaitheachta san áireamh.
- Ní mór do sholáthróirí iarracht a dhéanamh cabhrú lena soláthróirí féin an caighdeán seo a bhaint amach agus iad siúd a dteipeann orthu go seasta an caighdeán sin a bhaint amach a eisiamh.



# Sustainability

The future of humanity is threatened by unsustainable interactions between our societies, economies and our environment. We will provide leadership to inform the transition to a sustainable future through our teaching, research, actions and impacts. We will sustainably manage our campuses and all our external affairs and become a role model for positive impact on the environment.




## *Environmental Practices*

University of Galway commits to sustainably managing our campuses and all our external affairs as well as being a role model for our positive impact on the environment. We aim to prevent environmental damage and at all times comply with legislative and regulatory requirements.

Our Expectations of Suppliers;

- We expect our suppliers to commit to fulfilling the contract in the most sustainable way.
- We expect our suppliers to prevent environmental damage in relation to activities, products and services.
- We expect all our suppliers to act in accordance with all applicable statutory and international standards regarding environmental protection.

## *Environmental Management*

University of Galway is committed to move towards Carbon Neutrality by 2030.

Our Expectations of Suppliers;

- We expect our suppliers to measure, manage and reduce their carbon footprint and to take precautionary measures against pollution loss in biodiversity and resource use.
- Suppliers must implement appropriate environmental management measures for each contract, in line with an externally-certified or in-house environmental management system.

## *Responsible Sourcing*

University of Galway is a responsible buyer. We conduct due diligence on all new Suppliers to ensure that they meet our standards.

Our Expectations of Suppliers;

- Suppliers must take reasonable steps to ensure compliance with University of Galway's Supplier Charter or their own equivalent Charter within their Supply Chain.
- Suppliers must have their own internal Due Diligence process that takes account of their own social, ethical and sustainability standards.
- Suppliers must work to assist their own suppliers in meeting this standard and exclude those that consistently fail to meet that standard.



Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway